



AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 29.8.2012
COM(2012) 471 final

2012/0232 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le bearta áirithe teicniúla agus rialaithe sa Skagerrak agus lena leasaítear
Rialachán (CE) Uimh. 850/98 agus Rialachán (CE) Uimh. 1342/2008**

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

Comhthéacs ginearálta

Le linn na gcomhairliúchán iascaigh idir an AE agus an Iorua¹ in 2010, aontaíodh ar Mheitheal a bhunú chun na bearta rialaithe agus forfheidhmiúcháin san iascach in Skagerrak a fheabhsú, agus chun bealaí a mholadh le rialacháin a bhaineann le bearta teicniúla agus rialaithe an AE agus na hIorua sa limistéar atá 4 mhuirmhíle amach ó na bonnlínte a chur i gcomhréir lena chéile. Chas an Mheitheal um Bearta Teicniúla agus Rialaithe sin le chéile in Skagerrak le linn 2011 agus thug sí tuairisc uaithi i nDeireadh Fómhair 2011. Cuireadh moltaí na Meithle san áireamh i dtaifead comhaontaithe an AE agus na hIorua in Bergen an 2 Nollaig 2011.

Forálacha an AE atá ann cheana i réimse an togra

Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle an 20 Nollaig 2002 maidir le caomhnú agus le saothrú inbhuanaithe acmhainní iascaigh faoin gComhbheartas Iascaigh².

Rialachán (CE) Uimh. 850/98 ón gComhairle an 30 Márta 1998 maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú trí bhearta teicniúla chun óg-orgánaigh mhuirí a chosaint³.

Rialachán (CE) Uimh. 1342/2008 ón gComhairle an 18 Nollaig 2008 lena mbunaítear plean fadtéarmach don stoc trosc agus don iascach a shaothraíonn an stoc sin agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 423/2004⁴.

Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2008 lena mbunaítear córas Comhphobail chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuiriscithe agus neamhrialáilte a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú, lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 2847/93, Rialachán (CE) Uimh. 1936/2001 agus Rialachán (CE) Uimh. 601/2004 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1093/94 agus Rialachán (CE) Uimh. 1447/1999⁵.

Rialachán (CE) Uimh. 1006/2008 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2008 maidir le húdaruithe le haghaidh gníomhartha iascaireachta shoithí iascaireachta an Chomhphobail lasmuigh d'uisce an Chomhphobail agus rochtain shoithí tríú tíortha ar uisce an Chomhphobail, lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 2847/93 agus Rialachán (CE) Uimh. 1627/94 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 3317/94⁶ agus a rialacha cur chun feidhme atá leagtha síos i Rialachán (AE) Uimh. 201/2010 ón gCoimisiún an 10 Márta 2010 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1006/2008 ón gComhairle maidir le húdaruithe le haghaidh gníomhartha iascaireachta shoithí iascaireachta

¹ Taifead Comhaontaithe Chonclúidí na gComhairliúchán Iascaigh idir an AE agus an Iorua maidir le Rialáil an Iascaigh in Skagerrak agus Kattegat le haghaidh 2011 a síníodh in Bergen an 4 Nollaig 2010

² IO L 358, 31.12.2002, lch. 59.

³ IO L 125, 27.4.1998, lch. 1.

⁴ IO L 348, 24.12.2008, lch. 20.

⁵ IO L 286, 29.10.2008, lch. 1.

⁶ IO L 286, 29.10.2008, lch. 33.

an Chomhphobail lasmuigh d'uiscí an Chomhphobail agus rochtain soithí tríú tíortha ar uiscí an Chomhphobail⁷.

Faoi Rialachán (CE) 1224/2009 ón gComhairle lena mbunaítear córas rialaithe de chuid an AE le haghaidh iascaigh⁸, socraítear an riachtanas rialaithe ginearálta le haghaidh iascaigh ach chomh maith leis sin, sainriachtanais le haghaidh pleananna ilbhliantúla agus a rialacha cur chun feidhme i Rialachán cur chun feidhme (AE) Uimh. 404/2011 ón gCoimisiún an 8 Aibreán 2011 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú⁹.

Rialachán (CE) Uimh. 847/96 ón gComhairle an 6 Bealtaine 1996 lena dtugtar isteach coinníollacha breise le haghaidh bhainistiú bliantúil na ngabhálacha iomlána is incheadaithe agus na gcuótaí¹⁰.

Athchóiriú an Chomhbheartais Iascaigh

Faoi láthair, tá togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gComhbheartas Iascaigh¹¹ á phlé, lena n-áirítear cur chun feidhme oibleagáide maidir le gach gabháil iascaigh de chuid an AE a thabhairt i dtír. Is limistéar geografach beag é Skagerrak a bhaineann le líon teoranta de na Ballstáit i dtrácht. Dá bhrí sin, na forálacha atá leagtha síos sa togra reatha, baineann siad go sonrach le Skagerrak agus leis an iascach atá ansin agus mar sin, ní fasach iad le haghaidh na díospóireachta ar athchóiriú an Chomhbheartais Iascaigh. Mar sin féin, féadfaidh an taithí in Skarerrak aiseolas luachmhar a sholáthar don phlé ginearálta ar chur chun feidhme oibleagáide ginearálta maidir le gach gabháil iascaigh de chuid an AE a thabhairt i dtír.

Comhsheasmhacht le beartais agus cuspóirí eile an Aontais

Tá an togra agus a chuspóirí i gcomhréir le beartais an Aontais Eorpaigh, go háirithe beartais chomhshaoil, shóisialta, mhargaidh agus thrádála.

2. TORTHAÍ AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN LE PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS MEASÚNUITHE TIONCHAIR

Comhairliúchán le páirtithe leasmhara

Tugadh údarás don Mheitheal a bunaíodh i gcomhthéacs chaibidlíocht an AE/na hIorua ar a ndéantar cur síos i bPointe 1, na bearta teicniúla agus rialaithe reatha sa limistéar a bhreithniú agus, nuair b'iomchuí, bearta teicniúla agus rialaithe comhchuibhithe don Skagerrak a mholadh, a mhéid ab fhéidir. Sa Mheitheal bhí saineolaithe teicniúla, rialaithe agus eolaíocha chomh maith le hionadaithe iascairí, lena n-áirítear uinéirí soithí beaga. Bhí roinnt cruinnithe ag an Meitheal in 2011 agus thug tuairisc ar a cuid torthaí agus moltaí i nDeireadh Fómhair 2011.

In Aibreán 2012, áiríodh na moltaí sa taifead comhaontaithe a shínigh an AE agus an Iorua.

⁷ IO L 61, 11.3.2010, lch. 1.

⁸ IO L 343, 22.12.2009, lch. 1.

⁹ IO L 112, 30.4.2011, lch. 1.

¹⁰ IO L 115, 9.5.1996, lch. 3.

¹¹ COM(2011) 425 críochnaitheach, 13.7.2011

I bhfianaise an méid sin agus chun leanúint de chuspóir an chomhbheartais iascaigh úsáid inbhuanaithe acmhainní uisceacha beo a áirithiú agus deireadh a chur le díobhadh mar chleachtas neamh-inbhuanaithe, is inmhianaithe na moltaí atá liostaithe sna taifid chomhaontaithe i reachtaíocht an Aontais a achtú.

Measúnú tionchair

Beidh feidhm ag na rialacha atá le glacadh in Skagerrak amháin, agus is i gcomhthéacs comhaontaithe idirnáisiúnta idir an AE agus an Iorua atá siad. Sainíodh sa chomhaontú sin na comhbhearta teicniúla agus rialaithe atá sa togra, chomh maith le liosta na speiceas atá le cumhdach faoin oibleagáid maidir le tabhairt i dtír agus an sceideal ama dá chur chun feidhme céimnitheach. Ina theannta sin, bhí comhaontú an AE-na hIorua bunaithe ar na moltaí a rinne an Mheitheal theicniúil, ina raibh geallsealbhóirí rannpháirteach, a rinne mionscrúdú ar na roghanna éagsúla a bhí ar fáil chun go bhféadfaí leanúint leis an iascach traidisiúnta in Skagerrak tar éis do chomhaontú comharsanachta Skagerrak dul in éag. Meastar gur rogha shásúil í an Mheitheal sin ar an measúnú tionchair. Thairis sin, tugadh tuairisc chuimisitheadh sa mheasúnú tionchair a ullmhaíodh in éineacht leis an togra athchóirithe ar cheist na hoibleagáide maidir le gach gabháil a thabhairt i dtír¹².

3. EILIMINTÍ DLÍTHIÚLA AN TOGRA

Bunús dlí

Airteagal 43(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Prionsabal na coimhdeachta

Baineann forálacha an togra le caomhnú acmhainní bitheolaíocha mara, bearta a thagann faoi inniúlacht eisiach an Aontais. Dá bhrí sin, níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta.

Prionsabal na comhréireachta

Comhlíonann na bearta arna mbeartú prionsabal na comhréireachta mar níl aon bhearta eile nach bhfuil chomh sriantach sin le fáil chun na cuspóirí inmhianaithe beartais a bhaint amach.

Rogha ionstraime

An ionstraim atá beartaithe: Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

4. IMPLEACHT BHUISÉADACH

Gan aon impleachtaí buiséadacha.

¹² http://ec.europa.eu/fisheries/reform/index_en.htm

Togra le haghaidh

RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le bearta áirithe teicniúla agus rialaithe sa Skagerrak agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 850/98 agus Rialachán (CE) Uimh. 1342/2008

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa¹³,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún¹⁴,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) De thoradh ar na comhairliúcháin iascaigh le haghaidh 2012 a reáchtáladh an 2 Nollaig 2011 idir an tAontas agus an Iorua, ba cheart bearta áirithe teicniúla agus rialaithe is infheidhme maidir leis an Skagerrak a leasú d'fhonn na pátrúin saothraithe a fheabhsú agus rialacháin an Aontais agus na hIorua a ailíniú nuair is féidir.
- (2) Le linn na gcomhairliúchán iascaigh idir an tAontas agus an Iorua an 28 Meitheamh 2012, sonraíodh comhbhearta teicniúla agus rialaithe le cur chun feidhme sa Skagerrak, agus sonraíodh liosta na speiceas a bheadh faoi chumhdach oibleagáide gach gabháil a thabhairt i dtír agus an clár ama faoina áireofar na speicis sin diaidh ar ndiaidh faoin oibleagáid tabhairt i dtír dá réir.
- (3) Tá gá le hathruithe ar na bearta teicniúla atá i bhfeidhm sa Skagerrak chun leibhéal na ngabhálacha de thaisme agus na n-ábhar muirí aischurtha a ísliú ó tá drochthionchar acu ar shaothrú inbhuanaithe acmhainní bitheolaíocha na mara.
- (4) Is gá oibleagáid a bhunú gach gabháil stoc atá faoi réir teorainneacha gabhála a thabhairt i dtír, seachas i gcás speiceas nó iascach ina bhfuil fianaise eolaíoch ar rátaí arda slánaithe i measc ábhar muirí aischurtha nó inar róthrom an t-ualach a chuireann an oibleagáid ar iascairí speicis a ghabhtar de thaisme a bhaint as an ngabháil chun cóireáil ar leith a chur orthu. [Airt. 3]

¹³ IO C , , lch. .

¹⁴ IO C , , lch. .

- (5) Is gá athruithe móra a chur ar na hiascaigh mar atá siad agus ar bhainistiú na n-iascach lena mbaineann chun córas maidir le gach gabháil a thabhairt i dtír a chur ar bun. Dá bhrí sin, ba cheart an oibleagáid gach gabháil a thabhairt i dtír a thabhairt isteach diaidh ar ndiaidh. *[Airt. 4]*
- (6) Chun iasc óg agus feidhmiú mhargadh an iascaigh a chosaint agus chun a áirithiú nach féidir aon bhrabús éagóir a bhaint as iasc a ghabháil atá níos lú ná íosmhéid tagartha chaomhnaithe, ba cheart láimhseáil na ngabhálacha sin a theorannú do dhéanamh mine éisc, bia peataí nó táirgí nach bia do dhaoine iad, nó chun críocha carthanúla. *[Airt. 5]*
- (7) Chun an méid ábhar muirí aischurtha a dhíchur diaidh ar ndiaidh, ba cheart roghnaíocht na ngléasanna iascaireachta a fheabhsú tríd an íosmhéid ghinearálta a cheanglaítear do na mogaill a mhéadú i gcás iascach grinneallach ach maoluithe a bheith ann a cheadódh úsáid gléasanna, lena n-áirítear feistí roghnúcháin arb ionann a roghnaíocht sna hiascaigh sin. *[Airt. 6]*
- (8) Le haghaidh an tionchair is fearr is féidir a imirt agus le haghaidh faireacháin agus rialaithe chuí ar na bearta nua teicniúla atá le leagan amach, is gá srian a chur le húsáid gléasanna iascaireachta sa Skagerrak. *[Airt. 7]*
- (9) Chun aghaidh a thabhairt ar an míréireacht idir an reachtaíocht is infheidhme sa Skagerrak agus sna limistéir is gaire dó, agus chun a áirithiú go gcomhlíonfar na rialacha lena mbunaítear na bearta teicniúla sa Skagerrak, is gá freisin bearta airithe a bhunú chun saincheistanna a rialú i gcás turais áirithe iascaireachta a ndéanann soithí iascaireachta gníomhaíocht iascaireachta lena linn sa Skagerrak agus freisin i limistéir nach bhfuil na bearta nua teicniúla a glacadh don Skagerrak le bheith i bhfeidhm. *[Airt. 8]*
- (10) D'fhonn a áirithiú go gcomhlíonfar na bearta atá leagtha síos sa Rialachán seo, ba cheart bearta rialaithe sonracha a ghlacadh maille leis na bearta sin dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe de chuid an Chomhphobail chun a áirithiú go gcomhlíonfar rialacha an chomhbheartais iascaigh¹⁵. *[Airt. 9]*
- (11) I bhfianaise go bhfuil an Skagerrak measartha beag mar limistéar iascaireachta agus gur soithí beaga a dhéanann turais ghearra ann den chuid is mó, ba cheart úsáid an réamhfhógra a iarrtar in Airteagal 17 de Rialachán (CE) 1224/2009 a shíneadh chun gach soitheach atá 10 m nó níos mó ar fad a chumhdach agus ba cheart na réamhfhógraí sin a chur isteach dhá uair an chloig roimh ré chun iad chur in oiriúint do na hiascaigh. *[Airt. 10]*
- (12) Chun go ndéanfar faireachán cuí ar ghníomhaíochtaí iascaireachta, ag féachaint go háirithe dá fhóru go gcomhlíonfar ar muir an oibleagáid gach gabháil stoc atá faoi réir teorainneacha gabhála a thabhairt i dtír, is gá córas Cianfhaireacháin Leictreonach (CFL) a oibriú ar shoithí atá ag feidhmiú sa Skagerrak. *[Airt. 11]*
- (13) Chun a áirithiú go gcomhlíonfar na bearta teicniúla nua, ba cheart do na Ballstáit lena mbaineann bearta rialaithe agus cigireachta a shainiú don Skagerrak agus na bearta sin a ionchorprú ina gcláir ghníomhaíochta náisiúnta um rialú féin. *[Airt. 12]*

¹⁵ IO L 343, 22.12.2009, lch. 1.

- (14) Ceanglaítear go gcuirfeadh rialacha ar fáil maidir le soithí a dhéanann idirthuras trasna an Skagerrak chun a áirithiú go gcomhlíonfar na bearta teicniúla nua. [Airt. 13]
- (15) Ba cheart forálacha a dhéanamh maidir leis an gCoimisiún measúnú tréimhsiúil a dhéanamh ar leordhóthanacht agus ar éifeachtacht na mbearta teicniúil. Is iomchuí go mbunófar an measúnú sin ar thuarascálacha ó na Ballstáit lena mbaineann. [Airt. 14 agus Airt. 15]
- (16) Chun iascaireacht níos roghnaíche a éascú faoi oibleagáid gach gabháil a thabhairt i dtír, is iomchuí gach soitheach atá ag oibriú sa Skagerrak a dhíolmhú ón gcóras iarrachta atá leagtha amach i gCaibidil III de Rialachán (CE) Uimh. 1342/2008 an 18 Nollaig 2008 lena mbunaítear plean fadtéarmach maidir le stoic throisc agus na hiascaigh a shaothraíonn na stoic sin agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 423/2004¹⁶. [Airt 20]
- (17) Ceanglaítear go gceadófar solúbthacht d'iascairí chun oiriúnú don chóras nua sa Skagerrak. Dá réir sin, níor cheart an tsolúbthacht a cheadaítear sa chuóta gabhála bliantúil atá bunaithe i Rialachán (CE) Uimh. 847/96 an 6 Bealtaine 1996 lena dtugtar isteach coinníollacha breise le haghaidh bhainistiú bliantúil na ngabhálacha iomlána is incheadaithe agus na gcuótaí¹⁷, a mheas ina ró-iascaireacht. [Airt. 20]
- (18) Chun oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch ar dhóigh atá tráthúil agus comhréireach agus chun solúbthacht a áirithiú agus forbairt bearta áirithe a cheadú, ba cheart an chumhacht gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún a mhéid agus a bhaineann sí le hIarscríbhinn I a leasú maidir leis an amlíne agus na stoic atá faoi réir na hoibleagáide gach gabháil a thabhairt i dtír agus a mhéid agus a bhaineann sí le hIarscríbhinn II a leasú maidir leis an íosmhéid tagartha chaomhnaithe.
- (19) Ba cheart don Choimisiún, le linn dó gníomhartha tarmligthe a ullmhú agus a tharraingt suas, a áirithiú go ndéanfar doiciméid ábhartha a chur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ar bhealach comhuaineach, tráthúil agus iomchuí.
- (20) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha agus freagra tráthúil ar fhíordhálaí na n-iascach agus ar an bhfaisnéis eolaíoch atá le fáil a áirithiú, ba cheart cumhachta cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun cineálacha teicniúla forálacha maidir le leibhéal roghnaíochta gléasanna agus íoscheanglais CFL a chur chun feidhme. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún¹⁸.
- (21) Is gá, de bharr an toirmisc atá ar speicis áirithe a choimeád ar bord ag amanna áirithe sa Skagerrak agus de bharr raon feidhme an Rialacháin seo, leasuithe áirithe a dhéanamh ar Rialachán (CE) Uimh. 850/98 agus ar Rialachán (CE) Uimh. 1342/2008.
- (22) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 850/98 agus Rialachán (CE) Uimh. 1342/2008 a leasú dá réir,

¹⁶ IO L 348, 24.12.2008, lch. 20.

¹⁷ IO L 115, 9.5.1996, lch. 3.

¹⁸ IO L 55, 28.2.2011, lch. 13.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

1. Bunaítear leis an Rialachán seo bearta teicniúla agus rialaithe nua sa Skagerrak.
2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le gach soitheach iascaireachta atá ag oibriú sa Skagerrak.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo sa bhreis ar na sainmhínithe atá leagtha síos in Airteagal 3 de Rialachán 850/98 agus in Airteagal 3 de Rialachán 2371/2002, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (a) Ciallaíonn *potaí agus cléibh* gaistí beaga le haghaidh crústaigh nó iasc a ghabháil atá i bhfoirm cásanna nó ciseanna déanta as ábhair éagsúla a chuirtear ar an ngrinneall ina n-aonar nó i línte; a cheanglaítear le rópaí (téada bulla) de bhullaí atá ar an dromchla chun a suíomh a léiriú agus a mbíonn oscailt nó bealach isteach amháin nó níos mó orthu.
- (b) Ciallaíonn *íosmhéid tagartha chaomhnaithe* an mhéid faoina ndéanfar an díolachán gabhála, i gcás speicis áirithe, a theorannú do dhéanamh mine éisc, bia peataí nó táirgí eile nach bia do dhaoine iad amháin;
- (c) Ciallaíonn *méid an mhogaill ar aon trál, saighean Dhanmhargach nó ar aon líon tarraingthe den chineál céanna* méid an mhogaill ar aon cheann trál nó ar aon phíosa sínidh a fhaightear ar bord soithigh iascaireachta;
- (d) ciallaíonn *ceann trál* ceann trál *sensu stricto*;
- (e) ciallaíonn *píosa sínidh* píosa fadaithe mar atá sainmhínithe san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 3440/84¹⁹;
- (f) Ciallaíonn *trál grinneallach* gléas a bhíonn á tharraingt ag soitheach amháin nó níos mó go gníomhach trasna an ghrinnill agus ar trál é atá déanta as líon a bhfuil cruth cóin nó pirimide ar a chorp (más corp trál é) agus a dhúntar ar gcúl le ceann trál atá ar oscailt go cothrománach ag cláir dhobharchú atá i dteagmháil leis an ngrinneall nó, i gcás ina bhfuil dhá shoitheach ann, ag an achar idir na soithí;

¹⁹ IO L 318, 7.12.1984, lch. 23.

(g) Ciallaíonn *saighean Dhanmhargach* gléas ciorclaithe agus tarraingthe a oibrítear ó shoitheach amháin nó níos mó trí bhíthin dhá rópa fhada (rópaí saighne) a ceapadh leis an iasc a chur le chéile i dtreo oscailt na saighne. Is ionann an gléas agus líon, atá ar aon dul le trál grinneallach i ndearadh agus i méid, ar a bhfuil dhá eiteog fhada, corp agus ceann tráil.

(h) Ciallaíonn *trál bíoma* gléas a bhfuil a thrál ar oscailt go cothrománach ag próbán cruach nó adhmaid agus go dtarraingíonn inneall soithigh an bíoma agus líontán, ar a bhfuil slabhraí grinneallacha, mataí slabhraí nó slabhraí suaite, go gníomhach ar an ngrinneall.

(i) Ciallaíonn *trál peiligeach* gléas atá á tharraingt ag soitheach iascaireachta amháin nó níos mó ar meádoimhneacht agus atá déanta as líon mórmhogall sa chuid chun tosaigh a chuireann an ghabháil le chéile i dtreo chodanna deiridh an lín ar a bhfuil mogaill bheaga; tá doimhneacht iascaireachta na gcodanna sin faoi rialú sondálaí lín agus a oscailt chothrománach faoi rialú clár dobharchú nár cheart a bheith i dteagmháil leis an ngrinneall de ghnáth.

(j) Ciallaíonn speicis pheiligeacha agus tionscail scadáin, ronnaigh, saláin, faoitíní gorma, troscáin Lochlannacha, corra gainimh nó bolmáin.

CAIBIDIL II

BEARTA TEICNIÚLA CAOMHNAITHE

Airteagal 3

An oibleagáid gach gabháil a thabhairt i dtír

1. De mhaolú ar Airteagal 19(1) de Rialachán 850/98, déanfar gach gabháil de na stoic éisc atá liostaithe in Iarscríbhinn I a thabhairt ar bord na soithí iascaireachta agus a choimeád, agus tabharfar i dtír iad i gcomhréir leis an amlíne atá leagtha amach san Iarscríbhinn sin, ach amháin má tá ráta ard slánaithe ag an iasc aischurtha de na stoic sin nó más róthrom an t-ualach an oibleagáid ar iascairí speicis a ghabhtar de thaisme a bhaint as an ngabháil chun iad a láimhseáil ar dhóigh ar leith.

2. D'ainneoin mhír 1, agus de mhaolú ar Airteagal 19(1) de Rialachán 850/98, más ionann méid na mogall i ngléasanna iascaireachta agus 32 mm nó níos lú, déanfar gach gabháil stoc, lena n-áirítear stoic nach mbaineann oibleagáid tabhairt i dtír leo, a thabhairt ar bord na soithí iascaireachta agus a choimeád, agus tabharfar i dtír iad.

3. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le hiascaireacht le potaí nó le cléibh.

4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun Iarscríbhinn I a leasú ar bhonn dul chun cinn maidir le faisnéis eolaíoch nó i gcás ina mbeidh an t-ualach ar iascairí ar neamhréir leis na buntáistí. Glacfar na gníomhartha tarmligthe sin i gcomhréir le hAirteagal 16.

Airteagal 4

Coinníollacha ar leith maidir le cuótaí a bhainistiú

1. Tiocfaidh na gabhálacha stoc uile a dhéanann soithí iascaireachta de chuid an Aontais agus dá dtagraítear in Airteagal 3, tiocfaidh siad as na cuótaí is infheidhme maidir leis an mBallstát brataí a bhaineann leis an stoc nó leis an ngrúpa stoc atá i gceist, is cuma cá dtabharfar i dtír iad.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil an cuóta sin le fáil ag soithí iascaireachta atá ag oibriú sa Skagerrak i gcás aon stoc atá faoi réir oibleagáide go dtabharfar i dtír gach cuid de a ghabhfar, agus an comhdhéanamh is dóchúla a bheidh ar ghabhálacha na soithí á chur san áireamh acu.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfillfidh na soithí iascaireachta a bhfuil a mbratach ar foluain acu agus atá ag coimeád ar bord éisc nach bhfuil cuóta ag an mBallstát dó ar an gcalafort.

Airteagal 5

Iasc óg a láimhseáil

1. I gcás ina bhfuil íosmhéid tagartha chaomhnaithe socrúithe le haghaidh stoic faoi réir Airteagal 3, teorannófar díolachán na ngabhálacha den stoc sin atá níos lú ná an íosmhéid tagartha chaomhnaithe do dhéanamh mine éisc agus bia peataí nó táirgí eile nach bia do dhaoine iad, nó chun críocha carthanúla.

2. Tá na híosmhéideanna tagartha chaomhnaithe le haghaidh stoc sa Skagerrak liostaithe in Iarscríbhinn II.

3. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun Iarscríbhinn II a leasú ar bhonn dul chun cinn maidir le faisnéis eolaíoch. Glacfar na gníomhartha tarmligthe sin i gcomhréir le hAirteagal 16.

Airteagal 6

Sonraíochtaí na ngléasanna iascaireachta

1. Tá toirmeasc ar aon trál grinneallach, saighean Dhanmhargach, trál bíoma nó ar aon líon tarraingthe den chineál sin a bhfuil méid na mogall ann faoi bhun 120 mm.

2. De mhaolú ar mhír 1:

(a) féadfar gléasanna a úsáid a bhfuil na gnéithe céanna roghnaíochta acu agus atá ag na gléasanna atá leagtha amach i mír 1 arna dheimhniú le turais iascaireachta thurgnamhacha nó le measúnú a rinne an Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (CETEI).

(b) féadfar tráil nach mó méid na mogall iontu ná 32 mm a úsáid ar choinníoll go bhfuil níos mó ná 50 % den ghabháil ar bord ina speiceas peileagach/tionscail

3. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun a chinneadh cé na gléasanna, lena n-áirítear na feistí roghnúcháin atá ceangailte de na gléasanna sin, a fhéadfar a úsáid ó tá a ngnéithe roghnaíochta coibhéiseach leis na gléasanna a luaitear i mír 1.

Glacfar na gníomhartha tarmligthe sin i gcomhréir le hAirteagal 17.

Airteagal 7

Srianta le húsáid gléasanna

1. Ní úsáidfidh soithí iascaireachta atá ag oibriú sa Skagerrak ach aon ghléas iascaireachta amháin le linn aon turais iascaireachta ar leith.
2. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh soithí iascaireachta aon chumasc de ghléasanna iascaireachta a úsáid a shonraítear in Airteagal 6(1) agus 6(2a).
3. Féadfaidh na soithí dá dtagraítear i mír 1 níos mó ná aon ghléas amháin a choimeád ar bord ar choinníoll go stuálfadh siad na líonta neamhúsáidte i gcomhréir le hAirteagal 47 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

Airteagal 8

Turais iascaireachta sa Skagerrak agus i limistéir eile

1. De mhaolú ar Airteagail 4, 15, 19(1), 35, 36 agus 37 de Rialachán (CE) Uimh. 850/98, beidh feidhm ag an gCaibidil seo freisin maidir le limistéir seachas an Skagerrak i gcás turais iomláin iascaireachta soithí.
2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 ar limistéir eile ach i gcás ina bhfuil an soitheach sin ag iascaireacht sa Skagerrak agus sa limistéar eile le linn an aon turais iascaireachta amháin.

CAIBIDIL III

BEARTA RIALAITHE

Airteagal 9

Gaolmhaireacht le Rialacháin eile

Beidh feidhm ag na bearta rialaithe dá bhforáiltear sa Chaibidil seo chomh maith leo siúd dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008, Rialachán (CE) Uimh. 1006/2008 agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, ach amháin i gcás ina bhforáiltear dóibh ar mhalairt slí in Airteagail na Caibidle seo.

Airteagal 10

Réamhfhógra

1. De mhaolú ar Airteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, tabharfaidh máistrí ar shoithí iascaireachta de chuid an Aontais a choimeádann ar bord stoic éisc atá faoi réir Airteagal 3 den Rialachán seo fógra d'údaráis inniúla a mBallstáit brataí maidir leis an bhfaisnéis atá liostaithe in Airteagal 17(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 dhá uair an chloig roimh dhul isteach i gcalafort.

2. De mhaolú ar Airteagal 1 de Rialachán (CE) Uimh. 1010/2009 ón gCoimisiún²⁰, tabharfaidh máistrí ar shoithí iascaireachta triú tíortha a choimeádann ar bord stoic éisc atá faoi réir Airteagal 3 den Rialachán seo fógra d'údaráis inniúla an Bhallstáit ar mian leo a gcalafort a úsáid faoin bhfaisnéis atá liostaithe in Airteagal 6(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 dhá uair an chloig roimh dhul isteach i gcalafort.

Airteagal 11

Cianfhaireachán Leictreonach

1. Oibreoidh na Ballstáit córas Cianfhaireacháin Leictreonaigh (CFL) chun faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí iascaireachta na soithí iascaireachta a bhfuil a mbratach ar foluain acu agus atá ag oibriú sa Skagerrak.

2. Beidh feistithe ar bord soithigh iascaireachta atá 12 mhéadar ar fad nó níos mó ar an iomlán, córas lánfheidhmiúil CFL a bhfuil leorlón ceamaraí teilifíse ciorcaid iata (TCI), GPS agus braiteoirí mar chuid de nó ní thabharfar cead dó an calafort a fhágáil.

3. Cuirfear mír 2 i bhfeidhm i gcomhréir leis an amlíne seo a leanas:

(a) ón 1 Eanáir 2014 ar aghaidh, ar shoithí iascaireachta de chuid an Aontais atá 15 mhéadar ar fad nó níos mó ar an iomlán;

(b) ón 1 Iúil 2015 ar aghaidh, ar shoithí iascaireachta de chuid an Aontais atá 12 mhéadar ar fad nó níos mó ar an iomlán.

4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh maidir leis na gnéithe seo a leanas den Chianfhaireachán Leictreonach (CFL): iontaofacht an chórais, sonraíochtaí an chórais, na sonraí atá le taifeadadh agus le próiseáil, faireachán ar úsáid an CFL, nó aon gnéithe eile nach bhfeidhmeoidh an córas ina n-éagmais.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir le hAirteagal 17.

Airteagal 12

Plean rialaithe agus cigireachta

1. Bunóidh na Ballstáit bearta rialaithe agus cigireachta i gcomhréir le hIarscríbhinn III chun a áirithiú go gcomhlíonfar na coinníollacha dá dtagraítear sa Rialachán seo faoi cheann sé mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

2. Beidh na bearta rialaithe agus cigireachta ina gcuid den chlár gníomhaíochta náisiúnta rialaithe dá bhforáiltear in Airteagal 46 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 atá infheidhme

²⁰ IO L 280, 27.10.2009, lch. 5

maidir leis an bplean ilbhliantúil i ndáil le stoic troscáin atá leagtha síos i Rialachán (CE) Uimh. 1342/2008²¹.

Airteagal 13

Idirthuras

Déanfaidh soithí iascaireachta ar idirthuras sa Skagerrak a bhfuil iasc coimeáda ar bord acu a gabhadh i limistéir seachas an Skagerrak na líonta a fháisceadh síos agus a stuáil i gcomhréir le hAirteagal 47 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

CAIBIDIL IV

ATHBHREITHNIÚ

Airteagal 14

Tuairisciú na mBallstát

Déanfaidh na Ballstáit lena mbaineann tuairisciú don Choimisiún maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo an tríú bliain tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo agus gach tríú bliain as sin amach.

Airteagal 15

Meastóireacht ar an bplean

Déanfaidh an Coimisiún, ar bhonn na dtuarascálacha ó na Ballstáit dá dtagraítear in Airteagal 14 agus ar bhonn comhairle eolaíche, measúnú ar thionchar na mbeart ar na stoic agus na hiascaigh lena mbaineann sa bhliain tar éis na bliana ina bhfaighidh sé na tuarascálacha.

CAIBIDIL V

FORÁLACHA NÓS IMEACHTA

Airteagal 16

Cumhachtaí tarmligthe a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Tabharfar na cumhachtaí gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 3(4) agus in Airteagal 5(3) don Choimisiún ar feadh tréimhse neamhchinntithe.

²¹ IO L 348, 24.12.2008, lch. 20

3. Maidir le tarmligeán na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 3(4) agus in Airteagal 5(3), féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle an tarmligeán sin a chúlghairm tráth ar bith. Cuirfear deireadh leis an tarmligeán cumhachta a shonraítear sa chinneadh sin trí bhíthin cinnidh chúlghairme. Tiocfaidh sé i bhfeidhm an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta níos déanaí arna shonrú ann. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon cheann de na gníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.
4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina leith go comhuaineach do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.
5. Tiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlacfar de bhun Airteagal 3(4) agus Airteagal 5(3) den Rialachán seo i bhfeidhm ach amháin má dhéanann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid ina choinne laistigh de thréimhse 2 mhí ón lá a thabharfar fógra do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle faoin ngníomh sin nó, sula rachaidh an tréimhse sin in éag, má tá sé curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle araon don Choimisiún nach ndéanfaidh siad agóid ina choinne. Cuirfear dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 17

Nós imeachta coiste

1. Beidh an Coiste um Iascach agus Dobharshaothrú a bunaíodh le hAirteagal 30 de Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 de chúnamh ag an gCoimisiún. Is é a bheidh sa choiste sin coiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

CAIBIDIL VI

LEASUITHE

Airteagal 18

Leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 850/98

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 850/98 mar seo a leanas:

1. Scriostar an focal 'Skagerrak' as Airteagal 4(a)(ii), d'Airteagal 35 agus as ceannteideal Iarscríbhinn IV.
2. Scriostar Airteagal 38.
3. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad cheannteideal Iarscríbhinn X.B:

"b. NA COINNÍOLLACHA AR ÚSÁID CUMASC ÁIRITHE MÉIDE MOGALL IN KATTEGAT"

Airteagal 19

Leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 1342/2008

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1342/2008 mar seo a leanas:

1. In Airteagal 11(1), cuirtear isteach an dara fomhír seo a leanas:

"Ní bheidh feidhm ag an gcóras iarrachta iascaireachta dá dtagraítear sa chéad fhomhír maidir leis an Skagerrak ón 1 Eanáir 2013."

2. In Airteagal 12(5), cuirtear isteach an dara fomhír seo a leanas:

"I gcás ina n-eisiafar an Skagerrak ón gcóras iarrachta iascaireachta de bhun an dara fomhír d'Airteagal 11(1), ní dhéanfar an iarracht iascaireachta is féidir a cheangal leis an Skagerrak, agus a bhí ina cuid de shocrú na hiarrachta bunlíne, ní dhéanfar sin a áireamh níos mó agus an uasiarracht iascaireachta incheadaithe á socrú."

CAIBIDIL VII

MAOLUITHE

Airteagal 20

Maoluithe ó Rialachán (CE) Uimh. 847/96

1. De mhaolú ar

(a) Airteagal 3(3) de Rialachán 847/1996, i gcás inar úsáideadh níos mó ná 75 % de chuóta stoic atá faoi réir Airteagal 3 roimh an 31 Deireadh Fómhair de bhliain a chur i bhfeidhm, féadfaidh an Ballstát dár cionroinneadh an cuóta sin cead an Choimisiúin a iarraidh cainníochtaí breise d'iasc an stoic sin a thabhairt i dtír, agus bainfear na cainníochtaí sin de chuóta an stoic sin an bhliain tar a éis sin, agus cuirfidh an Ballstát an chainníocht iarrtha in iúl (ar iasacht), agus

(b) Airteagal 4(2) de Rialachán 847/1996, féadfaidh Ballstát ar cionroinneadh cuóta ábhartha iarraidh ar an gCoimisiún, roimh an 31 Deireadh Fómhair den bliain ar cuireadh i bhfeidhm an cuóta, cuid dá chuóta a choinneáil siar chun a aistriú go dtí an bhliain tar a éis sin (coinneáil siar).

Ní rachaidh na cainníochtaí dá dtagraítear in i mír (a) agus i mír (b) thar

- (i) 20 % den chuóta iomchuí in 2013,
- (ii) 15 % den chuóta iomchuí in 2014 agus,
- (iii) 10 % den chuóta iomchuí in 2015.

2. An chainníocht bhreise a gheofar ar iasacht i gcomhréir le mír 1, ní mheasfar é a bheith thar an méid atá ceadaithe le tabhairt i dtír chun críocha na n-asbhaintí atá leagtha amach in Airteagal 105 de Rialachán 1224/2009.

CAIBIDIL VIII

Forálacha Críochnaitheacha

Airteagal 21

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo ón 1 Eanáir 2013.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

An tUachtarán
An tUachtarán

Iarscríbhinn I

Liosta speiceas le tabhairt isteach diaidh ar ndiaidh faoin oibleagáid tabhairt i dtír

<i>Ainm</i>	<i>Ainm eolaíoch</i>	<i>Dáta tosaigh cur i bhfeidhm</i>
<i>Trosc</i>	<u><i>Gadus morhua</i></u>	an 1 Eanáir 2013
<i>Cadóg</i>	<i>Melanogrammus aeglefinus</i>	an 1 Eanáir 2013
<i>Scadán</i>	<i>Clupea harengus</i>	an 1 Eanáir 2013
<i>Ronnach</i>	<i>Scomber scombrus</i>	an 1 Eanáir 2013
<i>Séacla Artach</i>	<i>Pandalus borealis</i>	an 1 Eanáir 2013
<i>Liúdar</i>	<i>Pollachius virens</i>	an 1 Eanáir 2013
<i>Salán</i>	<i>Sprattus sprattus</i>	an 1 Eanáir 2013
<i>Faoitín</i>	<i>Merlangius merlangus</i>	an 1 Eanáir 2013
<i>Colmóir</i>	<i>Merluccius merluccius</i>	an 1 Eanáir 2013
<i>Langa</i>	<i>Molva molva</i>	an 1 Eanáir 2013
<i>Láimhíneach</i>	<i>Lophius piscatorius.</i>	an 1 Eanáir 2013
<i>Mangach</i>	<i>Pollachius pollachius</i>	an 1 Eanáir 2013
<i>Gránadóir</i>	<i>Coryphaenoides rupestris</i>	an 1 Eanáir 2013
<i>Langa gorm</i>	<i>Molva dypterygia</i>	an 1 Eanáir 2013
<i>Torsca</i>	<i>Brosme brosme</i>	an 1 Eanáir 2013
<i>Leathóg</i>	<i>Pleuronectes platessa</i>	1 Eanáir 2015
<i>Leathóg bhán</i>	<i>Glyptocephalus cynoglossus</i>	1 Eanáir 2015
<i>Daba gorm</i>	<i>Hippoglossoides platessoides</i>	1 Eanáir 2015
<i>Faoitín Gorm</i>	<i>Micromesistius poutassou</i>	1 Eanáir 2015
<i>Troscán Lochlannach</i>	<i>Trisopterus esmarkii</i>	1 Eanáir 2015
<i>Airgintín</i>	<i>Argentina spp.</i>	1 Eanáir 2015
<i>Sól</i>	<i>Solea solea</i>	1 Eanáir 2015
<i>Nephrops</i>	<i>Nephrops norvegicus</i>	1 Eanáir 2015
<i>Broit</i>	<i>Scophthalmus rhombus</i>	1 Eanáir 2015
<i>Daba</i>	<i>Limanda limanda</i>	1 Eanáir 2015
<i>Turbard</i>	<i>Scophthalmus maximus</i>	1 Eanáir 2015
<i>Leathóg Mhín</i>	<i>Microstomus kitt</i>	1 Eanáir 2015
<i>Corr ghainimh</i>	<i>Ammodytidae</i>	1 Eanáir 2015

<i>Bolmán Atlantach</i>	<i>Trachurus trachurus</i>	1 Eanáir 2015
<i>Roic (seachas iad siúd atá ar an liosta sna rialacháin maidir le deiseanna iascaireachta d'iasc nach mór a scaoileadh)</i>	<i>Raja spp.</i>	1 Eanáir 2015
<i>Leith</i>	<i>Platichthys flesus</i>	1 Eanáir 2015
<i>Cat Mara</i>	<i>Anarhichas lupus</i>	1 Eanáir 2015
<i>Colmóir Gabhlach Mór</i>	<i>Phycis blennoides</i>	1 Eanáir 2015
<i>Leasán leice</i>	<i>Cyclopterus lumpus</i>	1 Eanáir 2015
<i>Péirse Mhara Atlantach</i>	<i>Sebastes spp.</i>	1 Eanáir 2015

Iarscríbhinn II

Íosmhéid tagartha chaomhnaithe

Speiceas	Íosmhéideanna tagartha chaomhnaithe
Trosc (<i>Gadus Morhua</i>)	30 cm
Cadóg ((<i>Melanogrammus aeglefinus</i>))	27 cm
Faoitín (<i>Merlangus merlangus</i>)	23 cm
Glasán (<i>Pollachius virens</i>)	30 cm
Scadán (<i>Clupea harengus</i>)	18 cm
Ronnach (<i>Scomber spp.</i>)	20 cm
Colmóir (<i>Merluccius merluccius</i>)	30 cm
Langa (<i>Molva molva</i>)	63cm
Langa gorm (<i>Molva dipterygia</i>)	70cm
Mangach (<i>Pollachius pollachius</i>)	30cm
Leathóg (<i>Pleuronectes platesus</i>)	27 cm
Sól (<i>Solea spp.</i>)	24 cm
Bolmán (<i>Trachurus spp.</i>)	15 cm

IARSCRÍBHINN III

Bearta rialaithe agus cigireachta

1. Chun críocha an rialaithe agus na cigireachta agus chun leibhéal comhlíonta Airteagal 3 agus Airteagal 5 a fhíorú, beidh tagairt sna bearta náisiúnta rialála agus cigireachta don mhéid seo a leanas ar a laghad:

- (a) ceanglais maidir leis an ngabháil iomlán a shampláil ar muir agus sa chalafort;
- (b) anailís ar na sonraí uile atá liostaithe in Airteagal 109(2)(a) agus (b) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009;
- (c) úsáid braiteoirí atá ceangailte de na gléasanna;
- (d) úsáid cianfhaireacháin leictreonaigh (CFL) arb éard é teilifís chiorcaid iata (TFCI), córas suite domhanda (GPS) agus braiteoirí;
- (e) flít tagairte le haghaidh na bpríomhiascach sa Skagerrak, trí úsáid CFL nó breathnóirí;
- (f) clár samplála eolaíoch maidir le hábhair mhuirí aischurtha a chumhdaíonn na príomhiascaigh uile sa Skagerrak.

2. Chun críocha rialaithe agus cigireachta lena bhfíorófar leibhéal comhlíonta Airteagal 6, Airteagal 7 agus Airteagal 8, beidh tagairt sna bearta náisiúnta rialaithe agus cigireachta don mhéid seo a leanas ar a laghad:

- (g) na hacmhainní daonna agus teicniúla a cionroinneadh;
- (h) an straitéis chigireachta, lena n-áirítear leibhéal na gcigireachtaí ar muir agus ar tír agus leibhéal an fhaireacháin.

3. Bonnlínte cigireachta

Déanfaidh na Ballstáit lena mbaineann an leibhéal is airde riosca a shainiú do na hiascaigh a dhéantar sa Skagerrak ina gcóras bainistíochta riosca arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 5(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009. Socrófar fachtóir riosca ar leith le haghaidh soithí atá ag iascaireacht sa Skagerrak agus in uiscí eile de chuid an Aontais le linn an aon turais iascaireachta amháin agus sannfar an leibhéal is airde riosca dóibh sin freisin.